**Ministreacht don deireadh seachtaine seo chugainn 12/13 Lúnasa**

| Ministreacht | Tír an Fhia 12/08 | Leitir Mealláin 13/08 |
|---|---|---|
| Freastalaí 12/13 Lúnasa | Orla Ní Chuinn<br>Aoibhín Ní Thuathail | Fionn Ó Cualáin<br>Laoise Ní Ghríofa<br>Paul Barry Seoige |
| Tuismitheoir | Marie Uí Thuathail | Baba Seoige |
| Cúntóir Sacraiste | Delia Uí Ghríofa | Dara Barrett |
| Leitheóirí | Máirtín Ó Conghaile | Bernie Ní Chualáin |
| Comaoineach | Mairín Bn. Uí Fhlatharta | Baba Seoige |

**Ag Coireamh an Bailiúcháin Mí Lúnasa**

Jude Ann Uí Dhonnacha & Síle Mhic Dhonnacha

**Oilithreacht go Mháméan** inniu Dé Domhnaigh 7 Lúnasa. Turas na Croise ag tosú ag a 3.00 i.n.

**Sportlann Mhichael Mhóir:** Campa ón 14ú -18ú Lúnasa ón 10-3. €35 an duine, €30 ar an dara duine ón clann céanna. Spóirt agus Spraoi, Bouncy Castle. Aois 5-13. **Tuilleadh eolas ó 091551961.**


**Campa Samhraidh Chumann Peile Naomh Anna** ar siúl ar an Máimín ón 8ú - 12ú Lúnasa. Beidh damhsa ar sean-nós, péinteáil, neart spraoi, spóirt & cluichí éagsúla eile . Gach eolas le fail ó 087 9627521 nó 087 7812660

**Folúntas Oibrí Cúram Leanaí**

Tá an Crann Taca (Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Teo) ag lorg iarrthóirí do phoist lánaimseartha agus páirt aimseartha mar Oibrí Cúram Leanaí. Tuille eolas ó 593132.

**Ar dheis Dé:** Danny O Flatharta, Cuileáin
Joe Walsh, Cladhnach, Ath Chinn.

**Paróiste an Chillín, Gharumna & Leitir Mealláin**
Oifig an Pharóiste, An Cheathrú Rua, Co na Gaillimhe.
Fón: 091595452 Ríomhphost: paroisteanchillin@gmail.com



# CLAOCHLÚ CHLÓ AN TIARNA

***6ú Lúnasa***

*"Seo é mo Mhac, an té is rogha liom, éistigí leis!"*

**Dé Sathairn 5 Lúnasa : Tír an Fhia 6.00 i.n.**
Joe Joe & Catherine Ridge: Tír an Fhia.
Carmel Ridge, Doire Né.
Mairtín Khate Ó Gríofa & a bhean Mary Ann, Bothar Buí
Kate & Seanín Micil & Margaret Uí Ghríofa, Bóthar Buí.
Willie Liamín a bhean Agnes, Bunachairnáin a mbeirt mhac Jimmie & Willie.
Nóra & Michael Ó Loideáin: Drim.
Mairtín Tom & Mairtín Mhilín Mac Donnacha, Seanachomheas.

**Dé Domhnaigh 6 Lúnasa : 12.00 in. Leitir Mealláin.**
Mike Johnny a bhean Judín a mac Coleman & a hIníon Delia.

**Dé Céadaoin 9 Lúnasa : Tír an Fhia: 10.00 r.n. Pobal.**

**Dé Sathairn 12 Lúnasa : Tír an Fhia 6.00 i.n.**
Michéal Mac Donnacha, a bhean Julia & a dhearthàir Colm, Talamh Bán
Tomás & Delia Uí Ghríofa a gclann mhac: Thomas & Pat a ngar mhac John Joe.
Michéal Ó hEidhin, An Cnoc.
Máire & Mairtín Ó Duabháin, Trá Bhán, a gclann; Joe, Pádraic, Bríd & Nan & a ngar mhac Patrick Coilimín Beag.

**Dé Domhnaigh 13 Lúnasa : 12.00 in. Leitir Mealláin.**
Kate & Thomas Flaherty, a hIníon Kate, a mac Tomáisín
& a muintir ar fad, Ard.

## Briathar Dé

**An Dara Léacht** *Sliocht as Litir N. Peadar -- 1:16-19*
A chlann ionúin, ní ag inseacht seanscéalta a ceapadh go cliste a bhí muid, nuair a thug muid eolas daoibh ar thíocht agus ar chumhacht ár dTiarna Íosa Críost. Chonaic muid a mhórgacht lenár súile féin. Fuair sé glóir agus onóir ó Dhia an tAthair nuair a tháinig an guth anuas chuige ón nGlóir mhaorga, á rá: "Seo é mo mhac muirneach dár thug mé gean." Chuala muid an guth sin a tháinig anuas ó na flaithis mar bhí muid in éineacht leis ar an sliabh naofa. Cruthaíonn sé sin ar dhúirt na tairngreachtaí agus is féidir libh brath ar an tairngreacht, agus é a bheith agaibh mar lampa ag spáint an bhealaigh thríd an dorchadas nó go dtiocfaidh an maidneachan agus go n-éireoidh réalt na maidne in bhur n-intinn. **Sin é Briathar Dé. Freagra:** *Buíochas le Dia*

**Salm le Freagra:** *Tá an Tiarna ina Rí, in ardréim os cionn na cruinne.*

Tá an Tiarna ina Rí,
deánadh an talamh gairdeas, bíodh lúcháir ar na cladaí go léir.
Tá néalta agus dorchadas ina thimpeall,
ceart agus cóir mar bhonn ag a ríchathaoir. ***Fr***

Leánn na sléibhte mar chéir i bhfianaise Thiarna na cruinne.
Fógraíonn na flaithis a fhíréantacht;
feiceann na náisiúin go léir a ghlóir. ***Fr***

Mar is tú an Tiarna go dearfa,
i do Rí, os cionn na cruinne,
agus os cionn na spiorad go léir. ***Fr***

**Alleluia, alleluia!**
Seo é mo mhac muirneach ar a bhfuil mo ghean.
Alleluia!



**An Soiscéal** *Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Lúcás -- 9:28-36*
San am sin, thug Íosa leis Peadar, Eoin agus Séamas agus chuaigh suas an sliabh le guibhe. Agus ag guibhe dhó, tháinig athrú cló ar a aghaidh agus d'éirigh a chuid éadaigh gléigeal lonrach. Agus bhí beirt fhear ag agallamh leis -- ba iad Maois agus Éilias iad -- agus bhí siad le feiceáil faoi ghlóir agus iad ag caint faoina imeacht as an saol, rud a tharlódh i Iarúsailéim. Bhí codladh trom ar Pheadar agus ar a chompánaigh, ach d'fhan siad ina ndúiseacht, agus chonaic siad a ghlóir agus an bheirt a bhí ansiúd in éineacht leis. Agus le linn dóibh seo a bheith ag imeacht uaidh dúirt Peadar le hÍosa:
"A Mháistir, nach tráthúil mar a tharla sé muid a bheith anseo; déanadh muid trí champa, ceann duit féin, ceann do Mhaois agus ceann d'Éilias," -- ach ní raibh a fhios aige céard a bhí sé ag rá. Le linn dó a bheith ag rá na cainte sin, tháinig scamall, agus bhí sé ina scáil anuas orthu, agus bhí uamhan orthu nuair a d'imigh siad siúd isteach sa scamall, agus chuala siad glór as an scamall ag rá: "Seo é mo Mhac, an té is rogha liom, éistigí leis!" Agus le macalla an ghlóir, fritheadh Íosa ina aonar. Ach d'fhan na deisceabail ina dtost agus níor inis siad d'aon duine sna laethanta sin aon ní dá raibh feicthe acu.
**Sin é Soiscéal Dé. Freagra:** *Moladh leis an Tiarna Íosa Críost*



**<u>Scrioptúir Dé Domhnaigh seo chugainn</u>:**
*Ríthe -- 19:9, 11-13, Salm 84, Maitiú -- 14:22-33*
*"Go dearfa is tú Mac Dé."*

## Fógraí na Seachtaine

**Bailiúcháin na Seachtaine: 30/07/17** €789.34

**Grúpa Bethany** ***(Bereavement support group)*** ag teacht le chéile De Domhnaigh 6 Lúnasa ag a 12.00 i.n Oifig an Pharóiste. Fáilte romhat.

**<u>Nóibhíne Cnoc Mhuire 14-28 Lúnasa</u>,** 3r.n & 8r.n. chuile lá.

**<u>Turas Trí Lá go Lough Derg</u>** ar siúl go dtí 15ú Lúnasa.
Troscadh & cois noctaithe. Tuille eolas ag 071 9851518.

